2026/2300

28.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2300 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Deireadh Fómhair 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'Active chlorine based-products BPF - CID LINES NV' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Nollaig 2018 chuir CID LINES NV iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV' de chineálacha táirgí 2, 3, 4 agus 5 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus lenar soláthraíodh daingniú i scríbhinn go raibh sé comhaontaithe ag údarás inniúil na Beilge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-MY047028-07 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é clóirín gníomhach a scaoileadh ó hipeaclóirít sóidiam substaint ghníomhach 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV', ar substaint é a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 2, 3, 4 agus 5.

(3) An 23 Márta 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnachta agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht').

(4) An 4 Samhain 2021 chuir an Ghníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ([2]), chomh maith leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'Active chlorine based products BPF-CID LINES NV' agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur 'fine táirgí bithicídeacha' atá in 'Active chlorine based products BPF-CID LINES NV' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe d'údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) den Rialachán sin.

(6) An 22 Samhain 2021, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) An 24 Meitheamh 2022, cheistigh an Buanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha na bearta maolaithe riosca a mholtar sa tuairim Ghníomhaireachta chun oibreoirí a chosaint in aghaidh damáiste dochúlaithe cáithníní creimneacha a chur trí bhrúspraeáil gharbh. Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí a chinneadh a chur siar go dtí go sainaithneofaí bearta iomchuí chun an riosca sin a mhaolú.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Tuairim ó ECHA an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV' (ECHA/BPC/288/2021).

(8) Tar éis tuilleadh plé a dhéanamh leis an nGníomhaireacht agus leis an údarás inniúil meastóireachta, an 28 Aibreán 2023, i gcomhréir le hAirteagal 75(1), pointe (g) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, d'iarr an Coimisiún ar an nGníomhaireacht a shoiléiriú maidir le caitheamh trealaimh cosanta pearsanta nó trealaimh cosanta riospráide agus na táirgí bithicídeacha a aicmítear le haghaidh creimeadh súl agus craicinn Chatagóir 1A agus atá creimneach don chonair riospráide á gcur, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ([3]) agus a chuirtear trí bhrúspraeáil chúrtha agus brúspraeáil gharbh, an bhfuil an caitheamh i gcomhréir le treoraíocht theicniúil na Gníomhaireachta ([4]), agus má tá, chun soiléiriú a thabhairt ar na dálaí oibre a mbeadh feidhm aige seo ina leith agus an mbeadh gá le haon bheart maolaithe riosca breise.

(9) An 11 Meán Fómhair 2025, thug an Gníomhaireacht tuairim uaithi ([5]), inar thángthas ar an gconclúid maidir le húsáid trealaimh cosanta chun táirgí bithicídeacha a chur a aicmítear le haghaidh creimeadh súl agus craicinn Chatagóir 1A agus atá creimneach don chonair riospráide, táirgí atá á gcur trí bhrúspraeáil chúrtha agus brúspraeáil gharbh, gur féidir an úsáid sin a bheith inghlactha agus go bhfuil sí i gcomhréir le treoraíocht theicniúil na Gníomhaireachta.

(10) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh 'Active chlorine based products BPF-CID LINES NV' a dheonú.

(11) Sa tuairim ón nGníomhaireacht an 11 Meán Fómhair 2025, molann sí go ndéanfadh sealbhóir an údaraithe tástáil ar theocht an dianscaoilte féinluathaithe ar 'Active chlorine based products BPF – CID LINES NV' mar choinníoll den údarú. Ba cheart a dheimhniú leis an tástáil sin nach bhfuil na táirgí a thuairiscítear i meitea-achoimrí ar shaintréithe na dtáirgí 1, 3 go 11 agus 13, go 15 le haicmiú mar mheascán féin-imoibríoch.

(12) Aontaíonn an Coimisiún leis an moladh sin agus measann sé gur cheart torthaí na tástála sin lena ndeimhnítear an neamh-aicmiú a chur isteach mar choinníoll a bhaineann leis na táirgí bithicídeacha in 'Active chlorine based products BPF – CID LINES NV' i meitea-achoimrí ar shaintréithe na dtáirgí 1, 3 go 11 agus 13 go 15 a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Cé go mbeidh sonraí le soláthar tar éis dheonú an údaraithe, measann an Coimisiún freisin nach ndéanann an méid sin difear don chonclúid maidir le comhlíonadh an choinníll faoi Airteagal 19(6) den Rialachán sin ar bhonn na sonraí atá ann cheana.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027465-0000 do CID LINES NV maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid faoi réir chomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an tÚdarú Aontais bailí ón 17 Samhain 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2036.

([3]) Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

([4]) Treoraíocht ó ECHA maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, Imleabhar III: Sláinte an duine – Codanna B+C, Leagan 5.0, Lúnasa 2025. Roinn 4.4.2 (agus Sampla 5 go háirithe) .

([5]) ECHA opinion of 11 September 2025 on the Union authorisation of 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV' [Tuairim ó ECHA an 11 Meán Fómhair 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh 'Active chlorine based products BPF - CID LINES NV'] (ECHA/BPC/498/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0027465-0000)

Déanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil ar theocht an dianscaoilte féinluathaithe ar ‘Active chlorine-based products BPF – CID LINES NV’ chun a dheimhniú nach bhfuil na táirgí bithicídeacha i meitea-achoimrí ar shaintréithe na dtáirgí 1, 3 go 11 agus 13 go 15 a aicmiú mar mheascán féin-imoibríoch.

Faoin 17 Samhain 2027 cuirfidh sealbhóir an údaraithe torthaí na tástála faoi bhráid na Gníomhaireachta.

IARSCRÍBHINN II

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

Active chlorine based products BPF - CID LINES NV

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

PT03: Sláinteachas tréidliachta

PT05: Uisce óil

Uimhir an údaraithe EU-0027465-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0027465-0000

CUID I.

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **Ainm an tacair**

Ainm	Active chlorine based products BPF - CID LINES NV

1.2 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta PT05: Uisce óil

1.3 **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	CID LINES NV
	Seoladh	Waterpoortstraat 2 8900 Ieper BE
Uimhir an údaraith	EU-0027465-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027465-0000	
Dáta an údaraithe	an 17 Samhain 2026	
Dáta éaga an údaraithe	an 31 Deireadh Fómhair 2036	

1.4 **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Ecolab Europe GmbH
Seoladh an mhonaróra	Richtistrasse 7 8304 Wallisellen An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Laboratoires Anios Laboratoires Anios, 3330 Rue de Lille, 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc Ecolab production France SAS ECL Châlons, AVENUE DU GENERAL PATTON, 51000 Châlons en Champagne An Fhrainc SOLUSCOPE Rue du Fauge 100, ZI Les Paluds, 13400 Aubagne An Fhrainc Ecolab Rozzano, Italy ECL Rozzano, Via A. Grandi, 20089 Rozzano MI An Iodáil NALCO ITALIANA MANUFACTURING SRL Via Vernea 99, 10042 Nichelino An Iodáil NUOVA FARMEC SRL Via W. Flemming 7, 37026 Settimo di Pescantina (Verona) An Iodáil Ecolab Mandra, Greece Athinon - Thivon Old National Rd (25th Km), GR 19600 Thivon An Ghréig Ecolab Weavergate Winnington Avenue, CW8 3AA Northwich Cheshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Techtex Units 7&8 Rhodes Business Park Silburn Way, M24 4NE Middleton Manchester Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Limited Baglan Energy Park, Lot 7, Brunel Way, SA11 2G Neath Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Ecolab Bioquell 52 Royce Close, Portway, SP10 3TS Andover Hampshire Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann CID LINES N.V.Waterpoortstraat 2, 8900 Ieper An Bheilg Ecolab B.V.B.A INDUSTRIEZONE RAVENSHOUT 4, 3980 Tessenderlo An Bheilg Nalco Deutschland Manufacturing GmbH und Co.KG Justus-von-Liebig-Str. 11, D-64584 Biebesheim An Ghearmáin Ecolab Engineering GmbH Raiffeisenstrasse 7, 88313 Siegsdorf An Ghearmáin Ecolab Mullingar, Ireland Central Forest Park. Zone C Mullingar Business Park, N91 E1WD Mullingar Co. Westmeath Éire Ecolab d.o.o. Vajngerlova 4, 2000 Maribor An tSlóivéin Nalco Española Manufacturing, SLU NALCO - Celra C/ Tramuntana s/n Polígon Industrial Celrà, 17460 Girona An Spáinn NALCO FINLAND MANUFACTURING OY Kivikummuntie 1, FIN-07955 Tesjoki An Fhionlainn BRENNTAG Nordic Site 1 Strandgade 35, 7100 Vejle An Danmhairg BRENNTAG Nordic Site2 Høsten Teglværksvej 47, 4690 Haslev An Danmhairg BRENNTAG Nordic Site 3 Borupvang 5B, 2750 Ballerup An Danmhairg BRENNTAG NORDIC A/S Site 1 Kalnesveien 1, 1712 Grålum An Iorua BRENNTAG NORDIC A/S Site 2 Vevgatan 2, 504 64 Borås An tSualainn BRENNTAG NORDIC A/S Site 4 Lotsgatan 1, 392 31 Kalmar An tSualainn Brenntag GmbH Site 1 Am Röhrenwerk 46, 47259 Duisburg An Ghearmáin

	Brenntag GmbH Site 2 Messeallee 11, 45131 Essen An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 3 Carl-Benz-Str. 8, 60314 Frankfurt am Main An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 4 Boschstr.3, 08371 Glauchau An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 5 Hannoversche Str. 40, 21079 Hamburg An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 6 Dieselstr. 5, 74076 Heilbronn An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 7 Merkurstr. 47, 67663 Kaiserslautern An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 8 Am Fieseler Werk 9, 34253 Lohfelden An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 9 Rupert-Bodner-Str. 20, 81245 München An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 10 Am Nordseekai 22, 73207 Plochingen An Ghearmáin Brenntag GmbH Site 11 Magirus-Deutz-Str. 12, 89077 Ulm An Ghearmáin Brenntag Poland Site 1 ul. Pijarska 1, 05-530 Góra Kalwaria An Pholainn Brenntag Poland Site 2 Przemysłowa 2, 62-080 Jankowice An Pholainn Brenntag Poland Site 3 Józefa Bema 21, 47-224 Kędzierzyn-Koźle An Pholainn Brenntag Poland Site 4 ul. Kwasowa 5, 95-100 Zgierz An Pholainn Brenntag Poland Site 5 Komenského 75, 768 11 Chropyně An tSeicia Brenntag Poland Site 6 Mezi úvozy 1850/1, 193 00 Praha 9-Horní Počernice An tSeicia Brenntag Poland Site 7 Bányalég u. 45, 1225 Budapest An Ungáir Brenntag S.R.L. Site 1 Str Garii Nr 2 BIS, 77040 Com.Chiajna, Jud.Ilfov An Rómáin Brenntag S.R.L. Site 2 Drumul Gării 1, 077040 Chiajna An Rómáin Brenntag Slovakia s.r.o. Glejovka 15, 902 03 Pezinok An tSlóvaic Brenntag GmbH Site 12 Elsässerstrasse 231, 4056 Basel An Eilvéis Brenntag BRENNTAG BRENNTAG CEE – Guntramsdorf, Austria Bahnstr. 13, 2353 Guntramsdorf An Ostair BRENNTAG Normandie, France 12 Sente des Jumelles - BP 11, 76710 Montville An Fhrainc A.F.P. GmbH Otto-Brenner-Straße 16-18, 21337 Lüneburg An Ghearmáin Alcochem Minerals B.V. Zeilmaker 4, 3861 SM Nijkerk An Ísiltír FAREVA ARDEPHARM 1041 Chemin de la digue du Rhône, 07300 Tournon-sur-Rhône An Fhrainc FAREVA Interfill LLC Moskovskoye Chausse 1, 187000 Tosno Cónaidhm na Rúise CHRISTEYNS NV Site 1 Rutland St, BD4 7EA Bradford Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann CHRISTEYNS NV Site 2 2 Cameron Court, WA2 8RE Warrington Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann DAN MOR (DR WIPE) 29 Hailan St., 3060000 Or Akiva Industrial Zone Iosrael Farmak Moravia a.s. Na Vlčinci 16/3, 779 00 Olomouc An tSeicia

	FELT 10 Rue du Vertuquet, 59960 Neuville-en-Ferrain, An Fhrainc FERDINAND EIMERMACHER GMBH &CO.KG Westring 24, 48356 Nordwalde An Ghearmáin GANDAE Gaardeniersweg 2, 9000 Gent An Bheilg HYDRACHEM LTD Unit 16 Gillmans Industrial Estate, Natts Lane, RH14 9EZ Billingshurst Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann INNOVATE GMBH Gewerbegebietsstraße 30, 06618 Schönburg An Ghearmáin Jago Pro Szczakowska 35, 43-600 An Pholainn KEMVIT OY Bastintie 303, 68410 Alaveteli An Fhionlainn KOMPAK NEDERLAND BV Munnikenheiweg 63, 4879 NE Etten-Leur An Ísiltír La Antigua Lavandera S.L. Carretera Sevilla Alcala 75, 41500 Alcala DE Guadaira (Sevilla) An Spáinn Lichtenheldt GmbH Industriestr. 7 – 11, 23812 Wahlstedt bei Bad Segeberg An Ghearmáin MKS GMBH & CO Am Ockenheimer Graben 43, 55411 Bingen am Rhein An Ghearmáin PAL INTERNATIONAL Bilton Way, LE17 4JA Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann PENNWHITE LTD Aston Way, Midpoint 18 Business Park, CW10 0HS Middlewich Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann RNM PRODUTOS QUIMICOS, LDA Avenida das Searas, nº 132, 4770-329 Landim An Phortaingéil RUTPEN LTD Membury Airfield, RG17 7TJ Lambourn Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Solimix Montseny 17-19, Pol. Ind. Sant Pere Molanta 08799 Olerdola Barcelona An Spáinn Staub & Co. GmbH M Industriestraße 3, 86456 Gablingen An Ghearmáin TECHNIKRAFT LTD Britannia Road, DN14 6ET Goole Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann VAN DAM BODEGRAVEN BV Zeppelinstraße 12, 45470 Mülheim an der Ruhr An Ghearmáin VARENNE LABORATOIRE 2 Rue du Château, 60126 Rivecourt An Fhrainc Evonik Peroxid GmbH Fabrikstraße 1, 9721 Weißenstein ob der Drau An Ostair Belinka, Slovenia Belinka Zasavska Cesta 95, 1231 Ljubljana An tSlóivéin Budich International Gmbh, Germany Budich International GmbH Dieselstrasse 10, 32120 Hiddenhause An Ghearmáin BRENNTAG NORDIC A/S Site 3 Norra Bangatan 3, 718 32 Frövi An tSualainn PLUM A/S, Denmark Frederik Plums Vej 2, 5610 Assens An Danmhairg

1.5 **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam
Ainm an mhonaróra	Vynova Belgium NV
Seoladh an mhonaróra	Heilig Hartlaan 21 3980 Tessenderlo An Bheilg

Suíomh na láithreán monaraíochta	Vynova Belgium NV site 1 Heilig Hartlaan 21 3980 Tessenderlo An Bheilg

Substaint ghníomhach	Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam
Ainm an mhonaróra	Nouryon Industrial Chemicals B.V.
Seoladh an mhonaróra	Velperweg 76 6824 BM Arnhem An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	Nouryon Industrial Chemicals B.V. site 1 Oosterhorn 4 9936 HD Farmsum (Delfzijl) An Ísiltír

Substaint ghníomhach	Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam
Ainm an mhonaróra	INOVYN Europe LTD
Seoladh an mhonaróra	Avenue Des Olympiades 20 B-1140 Brussels An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	INOVYN Europe LTD site 1 Rue Solvay 39 5190 Jemeppe-sur-Sambre An Bheilg INOVYN Europe LTD site 2 Haven 647, Scheldelaan 480 2040 Antwerpen An Bheilg

2 COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam		Substaint ghníomhach			1,9 - 12,5 % (w/w)
Hipeaclóirít sóidiam (tuaslagán teicniúil ina bhfuil íonacht íosta an chlóirín ghníomhaigh de 18 % w/w)	Sodium hypochlorite	scaoilteoir	7681-52-9	231-668-3	10,56 - 69,45 % (w/w)
Hiodrocsaíd potaisiam	Hiodrocsaíd potaisiam	Substaint neamhghníomhach	1310-58-3	215-181-3	0 - 13,75 % (w/w)
Hiodrocsaíd sóidiam	Hiodrocsaíd sóidiam	Substaint neamhghníomhach	1310-73-2	215-185-5	0 - 12,5 % (w/w)
Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Substaint neamhghníomhach	308062-28-4	931-292-6	0 - 3 % (w/w)
Aigéad siliceach, salann sóidiam	Aigéad siliceach, salann sóidiam	Substaint neamhghníomhach	1344-09-8	215-687-4	0 - 13,5 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile SL Tiúchán intuaslagtha

CUID II.

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1 MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta SPC 1

1.2 **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta PT05: Uisce óil

2 COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam		Substaint ghníomhach			2,6 - 2,6 % (w/w)
Hipeaclóirít sóidiam (tuaslagán teicniúil ina bhfuil íonacht íosta an chlóirín ghníomhaigh de 18 % w/w)	Sodium hypochlorite	scaoilteoir	7681-52-9	231-668-3	14,44 - 14,44 % (w/w)
Hiodrocsaíd sóidiam	Hiodrocsaíd sóidiam	Substaint neamhghníomhach	1310-73-2	215-185-5	1 - 1,5 % (w/w)
Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Substaint neamhghníomhach	308062-28-4	931-292-6	1,5 - 3 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL Tiúchán intuaslagtha

3 RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1

Ráitis ghuaise	H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H410: An-tocsaineach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH071: Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	P260: Ná hanálaigh gala. P260: Ná hanálaigh sprae. P260: Ná hanálaigh ceochán. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile/cosaint aghaidhe. P301+P330+P331: MÁ SHLOGTAR É: sruthlaítear an béal. NÁ spreagtar urlacan. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir. P501: Diúscair ábhar pointe bailiúcháin dramhaíl speisialta, i gcomhréir le rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. P501: Diúscair coimeádán pointe bailiúcháin dramhaíl speisialta, i gcomhréir le rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. P391: Bailigh doirteadh.

4 ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1 **Tuairisc úsáide**

PT2 - Úsáid # 1.1: Díghalrú dromchlaí crua neamh-phóiriúil agus trealamh le scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh – úsáid ghairmiúil

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: .
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Istigh I dtithe, sa tionscal, institiúidí (amhail oifigí nó príosún), limistéir poiblí agus óstáin (nach bhfuil i limistéir chúram sláinte): Dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla, gan réamhghlanadh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Díghalrú dromchla ag scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Táirge comhdhlúite, le bheith tuaslagtha. I gcomhair gnáthaimh dhífhabhtaithe: - Scuabadh, - Cúradh: gléas cúrtha ísealbhrú nó cúr truicear, - Spraeáil: gléas spraeála garbh ísealbhrú nó spraeáil truicear, - Doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh. Sruthlaigh i ndiaidh díghalraithe le huisce óil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Uasráta forchurtha: 250 mL/m². Gníomhach i gcoinne baictéir, fungas/giostaí agus víreas: ag 25 % ag Teocht an tSeomra in 25 nóm ama teagmhála Airí uainithe: Minicíocht: Le úsáid idir táirgeadh agus/nó cuid den ghlanadh laethúil
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— Buidéal: 1 L, 1 Kg — Druma: 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 5 kg, 10 kg, 12 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 240 kg — Coimeádán: 600 L, 1 000 L, 1 100 L, 600 kg, 1 000 kg, 1 100 kg HDPE (poileitiléin ard-dlúis)

4.1.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Meascadh agus lódáil:

— Meascadh agus lódáil de láimh: Osclaítear coimeádán de láimh agus déantar an táirge a dhoirteadh sa choimeádán leis an méid ábhartha uisce chun an tuaslagadh inmhianaithe a bhaint amach.

— Meascadh agus lódáil leath-uathoibrithe: Osclaítear coimeádán de láimh agus cuirtear osán sa channa. Ansin aistrítear an táirge le caidéalú láimhe nó le caidéal leath-uathoibríoch.

— Meascadh agus lódáil uathoibrithe: Osclaítear nó nasctar coimeádán de láimh. Déantar aistriú an táirge go huathoibríoch.

Tuaslagadh:

Baictéir, giostaí, fungais, víris: Caolaigh an táirge ag 25 %. (Dáileog 25 ml táirge chun 100mL tuaslagán a ullmhú)

Feidhmiú:

Is féidir é a chur le scuabadh (úsáid scuab lena chur), cúradh (úsáidtear gléas cúrtha ísealbhrú lena chur), spraeáil (úsáidtear gléasanna spraeála garbh ísealbhrú lena chur nó sprae truiceartha), doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh (úsáidtear cuimilteoir lena chur).

An ráta forchurtha ná 250 mL/m^2. Déantar cúradh agus spraeáil ag teocht íseal ionas gur féidir foirmiú aerasóil a chosc. Cinntigh cúradh/spraeáil/scuabadh/doirteadh agus cuimilt le leacht is leor chun an dromchla a choinneáil fliuch ar feadh ar a laghad 25 nóiméad.

Scuabadh: scuab le hanla le úsáid chun an tuaslagán caolaithe a chur.

Doirt an tuaslagán caolaithe go díreach ar an ndromchla agus scuab.

Is luach cás is measa é an ráta forchurtha. Cuir an t-íosmhéid táirge chun an dromchla iomlán a chlúdach agus ionas go bhfanann an dromchla fliuch go deireadh ama teagmhála.

Sruthlaigh na dromchlaí i ndiaidh úsáide le huisce óil.

Tar éis feidhmithe: déantar diúscairt ar na coimeádáin folamha.

Minicíocht: le úsáid idir táirgeadh agus/nó cuid den ghlanadh laethúil.

4.1.2 *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

Ná tum lámha sa tuaslagán.

-Ná húsáidtear/forchuirtear go díreach ar bhia, beathú nó deochanna, nó ar dhromchlaí nó ar uirlisí ar dócha go dtiocfadh siad i dteagmháil dhíreach le bia agus deochanna.

-Ná cuir go díreach ar dhromchlaí ina stóráiltear bia nó fothú, ullmhaithe nó ite.

4.1.3 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.4 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.5 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

5 TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1

5.1 **Treoracha úsáide**

Féach na treoracha sonracha le haghaidh gach úsáide

Ná measc le ceimiceáin eile.

Ciogal díghalraithe :

— Ní mór na táirgí a chaolú in uisce glan sula n-úsáidfear iad.

— Braitheann ráta agus am teagmhála an chaolaithe ar an úsáid a bhreithnítear. Féach ar an gcur síos ar an modh forchurtha a bhaineann le gach úsáid.

— Sruthlú deiridh (le huisce óil) riachtanach.

Gnáthaimh díghalraithe dromchla **ag scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh** : Caithfidh na dromchlaí atá le dífhabhtú a bheith fliuch go leor chun iad a choinneáil fliuch le linn an ama teagmhála beartaithe le haghaidh dífhabhtú optamach.

Cuirfear an abairt réamhchúraim a leanas le lipéad an táirge: 'Cinntigh go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomlána.'

5.2 **Bearta maolaithe riosca**

Le linn measctha agus lódála, céim feidhmithe (scuabtha/doirte agus cuimilte) agus tar éis feidhmithe:

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin le linn na céime láimhsithe táirge i gcomhréir le EN 374 nó a choibhéis (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as cosaint súl i gcomhréir le EN 166 nó a choibhéis agus an táirge á láimhsiú.

Ní mór culaith chosanta (de chineál 3 ar a laghad, EN 14605 nó a choibhéis) a chaitheamh.

Caith coisbheart cosanta oiriúnach (EN 13832 nó a choibhéis) agus an táirge á fhorchur.

Le linn forchuir (trí spraeáil truicir/trí chúradh):

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin le linn na céime láimhsithe táirge i gcomhréir le EN 374 nó a choibhéis (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as cosaint súl i gcomhréir le EN 166 nó a choibhéis agus an táirge á láimhsiú.

Ní mór culaith chosanta (de chineál 4 ar a laghad, EN 14605 nó a choibhéis) a chaitheamh.

Caith coisbheart cosanta oiriúnach (EN 13832 nó a choibhéis) agus an táirge á fhorchur.

Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as trealamh cosanta riospráide (TCR) atá i gcomhréir le EN 136 nó a choibhéis agus a sholáthraíonn fachtóir cosanta de 10. Teastaíonn ar a laghad análaitheoir íonta aeir le clogad/cochall/masc (TH1/TM1), nó leath/lán-mhasc le scagaire caithnín P2.

Le linn forchuir trí chúradh agus trí spraeáil garbh

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin le linn na céime láimhsithe táirge i gcomhréir le EN 374 nó a choibhéis.

Ní mór culaith chosanta ag a bhfuil cochall (de chineál 4 ar a laghad, EN 14605 nó a choibhéis) a chaitheamh.

Tá sé éigeantach formhuinchillí a chaitheamh do rostaí agus do rúitíní.

Caith coisbheart cosanta oiriúnach (EN 13832 nó a choibhéis) agus an táirge á fhorchur.

Tá sé éigeantach aghaidhsciath/aghaidhmhasc a úsáid.

Tá trealamh cosanta riospráide (TCR) a sholáthraíonn fachtóir cosanta de 40 éigeantach. Ar a laghad análaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH3/TM3) nó aghaidhmhasc iomlán (EN 136 nó a choibhéis) ag a bhfuil scagaire caithníní (scagairí EN 143 nó a gcoibhéis) de chineál P3.

Tá úsáid na trealaimh chosanta seo gan dochar do chur i bhfeidhm Treorach an Chomhairle 98/24/EC agus reachtaíocht eile an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht san obair. Féach cuid 6 le haghaidh na dtagairtí iomlána don Acht seo agus do na Caighdeáin Eorpacha.

Forchuir an táirge le lansa chun an t-achar idir an t-úsáideoir agus an fhoinse astúcháin a mhéadú.

I ndiaidh díghalraithe, ba chóir dromchlaí cóireáilte a sruthlú go maith le huisce óil.

Ní mór an TCP/TCR céanna a chaitheamh agus an seomra á shruthlú.

Ní mór do shealbhóir an údaraithe sonraíochtaí riachtanacha a shonrú le haghaidh úsáid shábháilte leordhóthanach TCP le linn forchur táirge chreimnigh.

Ní mór oiliúint a áirithiú do na húsáideoirí lena chinntiú go láimhseofar go hiomchuí an táirge agus an TCP atá de dhíth.

Chun nochtadh a theorannú agus TCP á bhaint, ní mór TCP a ghlanadh tar éis gach uaire a n-úsáidtear é agus sula mbaintear é.

Spraeáil truicir/cúradh:

Chun nochtadh ionanálaithe a laghdú, ní féidir an táirge a chur ach le gléas spraeála trucair a sheachadann braonáin garbha (MMAD > 100). Labhair le soláthraí an ghléis i gcomhair sonraí teicniúla.

Cúradh agus spraeáil garbh: Chun nochtadh ionanálaithe a laghdú, ní féidir an táirge a chur ach le gléas spraeála garbh. Labhair le soláthraí an ghléis i gcomhair sonraí teicniúla.

Bíodh aerú leordhóthanach ann le linn an fhorchuir trí chúradh nó trí spraeáil garbh. Ní mór do shealbhóir an údaraithe an t-aerú a shonrú laistigh den fhaisnéis táirge.

I ndiaidh díghalraithe trí chúradh nó trí spraeáil garbh, ní féidir dul ar ais isteach sa limistéar cóireáilte go dtí go n-áiritheofar go bhfuil an tiúchan clóirín san aer comhthimpeallach tite faoi bhun 0.5 mg/m^3.

Mura bhfuil aon mhodh ar fáil chun tiúchan clóirín san aer a dheimhniú i ndiaidh úsáide, labhair leis an soláthraí.

Nigh do lámha tar éis a láimhsithe.

Forchuir an táirge i limistéar nach bhfuil daoine ná ainmhithe ann agus nach féidir leo teacht air.

Ba chóir é a choinneáil amach ón phobal ginearálta le linn cóireála agus go dtí go bhfuil dromchlaí tirim.

Coinnigh amach ó pheataí/amach ó aimsiú peataí.

5.3 **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú.

Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir:

Ba cheart na súile a shruthlaigh arís agus arís eile ar an mbealach go dtí an dochtúir má nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH> 11), aimíní ar nós aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach

5.4 **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ag deireadh na cóireála, faigh réidh leis an táirge nár úsáideadh agus leis an bpacáistiú i gcomhréir le ceanglais áitiúla. Is féidir táirge nár úsáideadh a shruthlú isteach sa séarach bardasach nó a dhiúscairt i spruadar an aoiligh ag brath ar na ceanglais áitiúla. Ná scaoil isteach in ionad cóireála fuíolluisce aonair é.

5.5 **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Ná stóráil os cionn 30 °C agus stóráil cosanta ó sholas na gréine. Coimeád sa bhun-choimeádán.

Stóráil i limistéar tirim, fuar, dea-aeraithe. Tabhair sceitheadh áitiúil nó aerú ginearálta an tseomra chun ceochán agus/nó dlús gala a íoslaghdú. Coimeád an coimeádán dúnta nuair nach bhfuil sé in úsáid. Íoslaghdaigh nochtadh ar aer agus solas.

12 mí is ea saol seilfe an táirge. I ndiaidh cannaí a oscailt, bíonn táirgí cobhsaí ar feadh 6 mhí.

D'fhéadfadh clóráit sóidiam foirmiú le linn stórála. Chun foirmiú an táirge dighrádaithe seo a chosc, ná téigh thar saol seilfe bunaithe don táirge bithicídeach.

6 FAISNÉIS EILE

I gcás cuimsithe uisce óil ó uisce dromchla/uisce talún, déantar monatóireacht ar theorainn 700 µg/L clóráit san uisce óil.

'Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíoch)' gairmithe oilte má theastaíonn sin de réir reachtaíochta náisiúnta.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear sa rannán 'bearta ginearálta maolaithe riosca':

EN ISO 374-1:2016 Lámhainní cosanta ar cheimiceáin chontúirteacha agus ar mhiocrorgánaigh – Cuid 1: Ceanglais téarmaíochta agus feidhmíochta maidir le rioscaí ceimiceacha (ISO 374-1:2016)

EN 166:2001 Cosaint phearsanta súl – Sonraíochtaí

EN 14605:2005+A1:2009 Éadaí cosanta ar cheimiceáin leachtacha - ceanglais feidhmíochta le haghaidh éadaí ag a bhfuil naisc leachtobacha (Cineál 3) nó sprae-obacha (Cineál 4), lena n-áirítear earraí lena gcosnaítear codanna den chorp amháin (Cineálacha PB [3] agus PB [4])

EN 13832-3:2018 Coisbheart lena gcosnaítear ar cheimiceáin – Cuid 3: Ceanglais maidir le teagmháil fhadtréimhseach le ceimiceáin

EN 136:1998 Feistí cosanta riospráide – Maisc aghaidhe iomláine – Ceanglais, tástáil, marcáil EN 136:1998/AC:2003

EN 143:2021 Feistí cosanta riospráide – Scagairí cáithníní – Ceanglais, tástáil, marcáil

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11)

7 AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1

7.1 **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		Chlorofresh			
		Kenolux S300			
Uimhir an údaraithe		EU-0027465-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam		Substaint ghníomhach			2,6 % (w/w)
Hipeaclóirít sóidiam (tuaslagán teicniúil ina bhfuil íonacht íosta an chlóirín ghníomhaigh de 18 % w/w)	Sodium hypochlorite	scaoilteoir	7681-52-9	231-668-3	14,44 % (w/w)
Hiodrocsaíd sóidiam	Hiodrocsaíd sóidiam	Substaint neamhghníomhach	1310-73-2	215-185-5	1,5 % (w/w)
Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Substaint neamhghníomhach	308062-28-4	931-292-6	1,5 % (w/w)

1 MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1 **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta SPC 2

1.2 **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3 **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta PT05: Uisce óil

2 COMHDHÉANAMH META SPC 2

2.1 **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Clóirín gníomhach scaoilte ó hipeaclóirít sóidiam		Substaint ghníomhach			1,9 - 1,9 % (w/w)
Hipeaclóirít sóidiam (tuaslagán teicniúil ina bhfuil íonacht íosta an chlóirín ghníomhaigh de 18 % w/w)	Sodium hypochlorite	scaoilteoir	7681-52-9	231-668-3	10,56 - 10,56 % (w/w)
Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Aimíní, C12-14 (uimhreacha cothrom)-ailcildimheitile, N-ocsaídí	Substaint neamhghníomhach	308062-28-4	931-292-6	0,9 - 0,9 % (w/w)

2.2 **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

3 RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2

Ráitis ghuaise	H290: D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail. H314: Ina chúis le dónna tromchúiseacha craicinn agus le damáiste don tsúil. H412: Díobhálach don saol uisceach, le héifeachtaí fadtréimhseacha. EUH071: Creimneach don chonair riospráide.
Ráitis réamhchúraim	P260: Ná hanálaigh gala. P260: Ná hanálaigh sprae. P260: Ná hanálaigh ceochán. P273: Ná scaoiltear amach sa chomhshaol. P280: Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile/cosaint aghaidhe. P301+P330+P331: MÁ SHLOGTAR É: sruthlaítear an béal. NÁ spreagtar urlacan. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar ionad nimhe nó ar dhochtúir. P501: Diúscair ábhar pointe bailiúcháin dramhaíl speisialta, i gcomhréir le rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. P501: Diúscair coimeádán pointe bailiúcháin dramhaíl speisialta, i gcomhréir le rialachán áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. P391: Bailigh doirteadh.

4 ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC

4.1 **Tuairisc úsáide**

PT2 - Úsáid # 2.1 Díghalrú dromchlaí crua neamh-phóiriúil agus trealamh le scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh - gairmithe

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: giostaí Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: fungi Céim na forbartha: . Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: .

Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Istigh I dtithe, sa tionscal, institiúidí (amhail oifigí nó príosún), limistéir poiblí agus óstáin (nach bhfuil i limistéir chúram sláinte): Dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla, gan réamhghlanadh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Díghalrú dromchla ag scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Táirge réidh le húsáid I gcomhair gnáthaimh díghalraithe: - Scuabadh, - Cúradh/ Spraeáil: Sprae/cúradh truicir - Doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh. Sruthlaigh i ndiaidh díghalraithe le huisce óil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: Uasráta forchurtha: 250 mL/m². — I gcoinne baictéar agus fungais/giostaí: ag 100 % ag Teocht an tSeomra in 10 nóm ama teagmhála — Gníomhach i gcoinne baictéir, fungas/giostaí agus víreas: ag 100 % ag Teocht an tSeomra in 15 nóm ama teagmhála Airí uainithe: Minicíocht: Le úsáid idir táirgeadh agus/nó cuid den ghlanadh laethúil
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	— **Spraeire**: 500 mL, 750 mL, 1L, 1 Kg — **Buidéal**: 500 mL, 750 mL, 1L, 1 Kg — **Druma**: 5 L, 10 L, 20 L, 25 L, 30 L, 60 L, 200 L, 220 L, 5 kg, 10 kg, 12 kg, 20 kg, 25 kg, 30 kg, 60 kg, 200 kg, 220 kg, 240 kg — **Coimeádán**: 600 L, 1000 L, 1100 L, 600 kg, 1000 kg, 1100 kg HDPE (poileitiléin ard-dlúis)

4.1.1 *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Meascadh agus lódáil:

Do ghairmithe, chun pacáistithe níos lú a líonadh:

Meascadh agus lódáil de láimh: Osclaítear an coimeádán de láimh agus déantar an táirge a dhoirteadh san fhaighteoir.

Meascadh agus lódáil leath-uathoibrithe: Osclaítear coimeádán de láimh agus cuirtear osán sa channa. Ansin aistrítear an táirge le caidéalú láimhe nó le caidéal leath-uathoibríoch.

Meascadh agus lódáil uathoibrithe: Osclaítear nó nasctar coimeádán de láimh. Déantar aistriú an táirge go huathoibríoch.

Tuaslagadh:

Baictéir, giostaí, fungais, víris: Úsáidtear an táirge íon.

Feidhmiú:

Cinntigh go gcuireann tú go leor leachta chun an dromchla a choinneáil fliuch ar feadh ar a laghad 10 nóiméad do bhaictéir, giostaí agus fungais, agus 15 nóiméad do bhaictéir, giostaí/fungais agus víris.

Ráta forchurtha: 250 mL/m². Is luach cás is measa é an ráta forchurtha. Cuir an t-íosmhéid táirge chun an dromchla iomlán a chlúdach agus ionas go bhfanann an dromchla fliuch go deireadh ama teagmhála.

Scuabadh: scuab le hanla le húsáid chun an tuaslagán a chur.

Doirt an tuaslagán go díreach ar an ndromchla agus scuab.

Sruthlaigh na dromchlaí i ndiaidh úsáide le huisce óil.

Tar éis feidhmithe: déantar diúscairt ar na coimeádáin folamha.

Minicíocht: le úsáid idir táirgeadh agus/nó cuid den ghlanadh laethúil

4.1.2 *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

Ná tum lámha sa tuaslagán.

— Ná húsáidtear/forchuirtear go díreach ar bhia, beathú nó deochanna, nó ar dhromchlaí nó ar uirlisí ar dócha go dtiocfadh siad i dteagmháil dhíreach le bia agus deochanna.

— Ná cuir go díreach ar dhromchlaí ina stóráiltear bia nó fothú, ullmhaithe nó ite.

4.1.3 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

.

4.1.4 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

.

4.1.5 *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

.

5 TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2

5.1 **Treoracha úsáide**

Féach na treoracha sonracha le haghaidh gach úsáide

Ná measc le ceimiceáin eile.

Ciogal díghalraithe :

— Braitheann am teagmhála ar an úsáid a bhreithnítear. Féach ar an gcur síos ar an modh forchurtha a bhaineann le gach úsáid.

— Sruthlú deiridh (le huisce óil) riachtanach.

Gnáthaimh díghalraithe dromchla **ag scuabadh, cúradh, spraeáil, doirteadh agus cuimilt ina dhiaidh** : Caithfidh na dromchlaí atá le dífhabhtú a bheith fliuch go leor chun iad a choinneáil fliuch le linn an ama teagmhála beartaithe le haghaidh dífhabhtú optamach.

Cuirfear an abairt réamhchúraim a leanas le lipéad an táirge: ‘Cinntigh go bhfliuchann tú na dromchlaí ina n-iomlána.’

5.2 **Bearta maolaithe riosca**

Le linn lódála, céim feidhmithe (scuabtha/doirte agus cuimilte tar éis) agus tar éis feidhmithe:

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin le linn na céime láimhsithe táirge i gcomhréir le EN 374 nó a choibhéis (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as cosaint súl i gcomhréir le EN 166 nó a choibhéis agus an táirge á láimhsiú.

Ní mór culaith chosanta (de chineál 3 ar a laghad, EN 14605 nó a choibhéis) a chaitheamh.

Caith coisbheart cosanta oiriúnach (EN 13832 nó a choibhéis) agus an táirge á fhorchur.

Le linn forchuir trí spraeáil truicir/trí chúradh:

Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin le linn na céime láimhsithe táirge i gcomhréir le EN 374 nó a choibhéis (ábhar na lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

Tá sé éigeantach úsáid a bhaint as cosaint súl i gcomhréir le EN 166 nó a choibhéis agus an táirge á láimhsiú.

Ní mór culaith chosanta (de chineál 4 ar a laghad, EN 14605 nó a choibhéis) a chaitheamh.

Caith coisbheart cosanta oiriúnach (EN 13832 nó a choibhéis) agus an táirge á fhorchur.

Tá úsáid na trealaimh chosanta seo gan dochar do chur i bhfeidhm Treorach an Chomhairle 98/24/EC agus reachtaíocht eile an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht san obair. Féach cuid 6 le haghaidh na dtagairtí iomlána don Acht seo agus do na Caighdeáin Eorpacha.

Cinntigh aerú cuí le linn feidhmithe.

I ndiaidh díghalraithe, ba chóir dromchlaí cóireáilte a sruthlú go maith le huisce óil.

Ba chóir é a choinneáil amach ón phobal ginearálta le linn cóireála agus go dtí go bhfuil dromchlaí tirim.

Coinnigh amach ó pheataí/amach ó aimsiú peataí.

5.3 **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú.

Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir:

Ba cheart na súile a shruthlaigh arís agus arís eile ar an mbealach go dtí an dochtúir má nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH> 11), aimíní ar nós aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach

